

A Thig Ná Tit Orm

- 1. Faighimid cur síos (*description*) ar na hullmhúcháin (*preparations*) a rinne a Mham roimh a chéad lá ar scoil. Is léir go raibh bua an chuimhne (*the gift of memory*) ag Ó Sé. Is cuimhin leis a Mham ag glanadh na céire as a chluasa (*cleaning the wax from his ears*) agus ag ní a aghaidhe (*cleaning his face*) le tuáille garbh. Níor thuig Maidhc bocht ar ndóigh; cheap sé go raibh sé ag dul go dtí an siopa. Feictear an tuiscint iontach (*the wonderful understanding*) a bhí ag Ó Sé ar dhearcadh an pháiste (*the child's perspective*) anseo. Bhí faitíos air nuair a shroich siad an scoil agus níor aontaigh sé go raibh sé mór a dhóthain (*big enough*) chun dul ann. D'iarr sé (*He asked*) ar a Mham an mbeidh sí ábalta dul in éineacht leis. (*go with him*). Tá léargas (*insight*) anseo ar an ngaol (*the relationship*) idir Mhaidhc agus a Mham freisin. Bhí sí uaimhianach (*ambitious*) dó. Rinne sí iarracht (*She tried*) é a chur ar bhóthar a leasa (*to put him on the right path*); rinne sí cinnte go raibh sé ag féachaint go maith agus glan. Ghléas sí é (*she dressed him*) ina éadaí Domhnaigh. Bhí an oideachas tábhachtach (*important*) di. Chomh maith le sin, bhí bá (*sympathy*) aici dá mhac, agus d'fhéach sí go truamhéileach (*pityingly*) air nuair a mhínigh sí nach raibh cead ag aon Mhamáí fanacht ar scoil.
- 2. Is iomaí an troid a bhí ag Ó Sé ar scoil. Dar leis, tharla troid gach lá. Tugann sé cur síos beoga suimiúil (*an interesting, lively description*) ar cheann sa chéad chaibidil. Bhí teanga gharbh (*rough tongue*) ag an mbuachaill sin agus bhí an bheirt acu ag argóint ar feadh seachtaine (*arguing for a week*). Faoi dheireadh, (*Finally*) thosaigh siad ag troid lá amháin ag am lóin. Is léir go raibh an-spórt ag baint leis na troideanna seo. Tugann Ó Sé íomhá ghreannmhar dúinn ar chuma throdach (*the aggressive appearance*) an bhuachalla eile (*of the other boy [Ginideach Uatha]*); a ghéaga leata amach óna chéile (*his arms spread out*), a dhoirne iata (*his fist closed*) agus a phus á shá amach aige (*and his chin jutting out*). Bhailigh na páistí eile timpeall ag tnúth go mór le (*really looking forward to*) troid a fheiceáil agus bhuaill buachaill éigean an bheirt acu san aghaidh chun an trioblóid a thosú. Chomh maith leis an fonn troda (*desire for fights*) a bhí ar na buachaillí, chuir fíochmhaire na troda (*the viciousness of the fight*) ionadh an domhain orm caithfidh mé a rá. Bhí siad ag bualadh a chéile san aghaidh agus bhí Maidhc ag iarraidh an buachaill a chúlú isteach sa díog (*trying to back him into a ditch*). Is léir go raibh Ó Sé glic (*cunning*) anseo agus go raibh sé lán-ábalta seasamh suas dó féin. (*fully able to stand up for himself*) Faoi dheireadh, thug an buachaill eile poc lena cheann isteach sa bholg (*head-butted him in the belly*) agus léim sé anuas air, rug sé ar a chuid gruaige agus thosaigh sé á bhualadh sa bholg lena dhá ghlúin (*hitting him in the stomach with his two knees*). Cé go raibh an troid fíochmhar agus garbh is léir nach raibh mórán mailíse ann (*that there wasn't much malice in it*). Scríobh Ó Sé nárbh fhada go ndearna siad dearmad ar an gceann sin. Feictear dom (*It seems to me*) go raibh ról soisialta ag an scoil agus fiú na troideanna i measc na bpáistí. Dlúthphobal (*close-knit community*) a bhí ann agus réitigh na páistí go maith le chéile den chuid is mó.

- 3. Bhí an mháistreas ar buile agus thug sí trí stiall den bhfuinseoig (*three strikes of the ash*) dóibh. Bhí an pionós corpartha ar scoil seanbhunaithe (*well-established*) in Éirinn faoin am sin. Feictear dom gur ghlac Ó Sé leis (*he accepted it*) mar chuid dá shaol ar scoil (*as part of his life at school*). Uair amháin, fuair buachaill léasadh (*a beating*) tar éis a rá go gcacann cat piscín. Is dóchá go raibh sé ró-óg an fhírinne a thuiscint ach rug an múinteoir ar a chluasa agus tharraing sí amach an doras é. Is léir go raibh an-eagla ar na buachaillí roimh an bpíonós corpartha. Ba léir é sin nuair a bhí siad chomh ciúin go mbraithfeá biorán ag titim (*that you would here a needle fall*) nuair a d'fhill an múinteoir ar an seomra. Ceapaim féin go raibh tionchar (*influence*) ag an bpíonós seo ar na buachaillí agus go bhfuil an tionchar seo le feiceáil sna troideanna lasmuigh den rang. Bhí an-eagla lárnach (*central*) don oideachas dar liom. Ghlac siad le ceithre bhuille (*four strikes*) ón máistir in ionad sceitheadh (*telling*) ar an mbuachaill a chaith scaithín (*a sod*) i lár phota an tincéara (*in the middle of the tinker's pot*). Bhí eagla ar na páistí roimh an máistreas agus an máistir agus bhí níos mó eagla orthu roimh buachaillí eile ar scoil! Ar ndóigh, feictear dílseacht (*loyalty*) anseo freisin.
- 4. Tugann sé léargas dúinn ar na caitheamh aimsire a bhí acu sa Ghaeltacht le linn a óige. (*During his youth*) Sa dea-aimsir, chaith siad a lán ama ag imirt peile le chéile ar an mbóthar. Chuir siad clocha síos mar chuailí cúil. (*goal-posts*). Ghlac daltaí ó rang a trí anuas go dtí na naíonáin páirt sna cluichí agus bhí buntáiste mór (*big advantage*) ag na buachaillí móra. Tugtar cur síos taitneamhach greannmhar ar na cluichí. Bhí siad chomh fíochmhar (*as vicious*) leis na troideanna! Ní raibh rialacha ar bith ann. Ní raibh ról áirithe ag éinne, bhí gach duine ar thóir na liathróide (*chasing the ball*) Ba mhinic a bhí slua (*crowd*) timpeall an chúil (*around the goal*) cosúil leis an gclibirt (*scrum*) sa rugbaí. Tá greann le feiceáil sa chur síos. Níor chaith éinne a lán ama ar an liathróid mar i bpreabadh na súl (*in the blink of an eye*) bheadh slua timpeall orthu agus ba mhinic a fuair siad buille (*a smack*) san aghaidh. Ba bhuntáistí eile é ingne fada géara (*long sharp nails*) gan amhras leis an méid scríobtha (*with the amount of tearing*) a bhí ar siúl.
- 5. Bhí a fhios ag na múinteoirí go raibh an cigire ag teacht i mí na Samhna agus tugtar cur síos taitneamhach (*an enjoyable description*) ar na hullmhúcháin a rinne an rang; ag glanadh na suíocháin agus na tobair diúiche (*the ink wells*) agus fiú ag cur snasa (*putting polish*) ar na clúdaigh phráis (*on the brass covers*) a bhí ar na tobair (*that were on the wells*). Bhí orthu na ceachtanna a fhoghlaim de ghlanmheabhair (*off by heart*) agus thug an mháistreas rabhadh (*a warning*) dóibh nach mbeidh iarmhairtí deasa (*nice consequences*) i ndán dóibh mura mbeidís deas sibhialta (*if they weren't nice and civil*). Bhí na múinteoirí faoi bhrú mar bhí siad ag brath ar an gcigire i gcomhair deontais (*for a grant*). Ar ndóigh, bhí Ó Sé cliste agus thug sé faoi deara (*he noticed*) nach raibh spúnóg cocoa nó slat fuinseoige le feiceáil ar bhord na máistreása. Fuair sí leabhar ar iasacht (*on loan*) ó mhúinteoir eile. Is dócha go raibh sí ag ligean uirthi (*pretending*) go raibh rang iontach dea-bhéasach múinte (*wonderful well-behaved mannerly class*) aici, cé go bhfuil a fhios ag an léiteoir fiú sa dara caibidil nach raibh sé seo fíor.

- 6. Tá léargas sa scéal ar dhearcadh an pháiste agus an greann a bhaineann leis. Tá greann sna freagraí a fuair an cigire. Mar shampla, nuair a chuir sé ceist ar mhac an tseanchaí cén freagra a thabharfadh a athair (*his father would give*) ar an seanfhocal 'Is fearr paiste ná poll' (*A patch is better than a hole*). Bhí drogall (*reluctance*) ar Uinseann bocht (*poor Vincent*) ach faoi dheireadh d'fhreagair sé 'dá mbeadh paiste ar do pholl bheadh deabhard ort dá scaoileadh' (*If you had a patch on your hole you'd be in a hurry to release it*).
- 7. Feicimid gur duine cliste é Maidhc mar bhí sé ábalta míniú don chigire cé mhéad lá a bhí i mí Feabhra agus cén fáth gur athraigh sé (*why it changed*) gach ceithre bliana. Feicimid an tionchar a bhí ag saol na tuaithe (*rural life*) air freisin mar bhí a athair ina iascaire séasúrach (*seasonal fisher-man*) agus mhínigh sé dó gur tharla sé ionas go mbeadh na séasúir agus an féilire (*calendar*) i gceart.
- 8. Tugtar léargas ar an lucht siúil (*the Travellers*) a bhí ag campáil in aice na scoile ag deireadh an fhómhair. Bhí an lucht siúil suimiúil mar chleacht siad sean-cheird (*an old-craft*) agus bhí teanga aisteach (*a strange language*) acu. Bhí Maidhc ag féachaint ar an seanfhear ag déanamh sáspan as stán (*making a saucepan out of tin*) agus an-mheas aige ar an gceird (*the craft*). Thug sé na huirlisí a bhí aige faoi deara (*He noticed the tools he had*). Bhí an bhean ag cóicearachta agus boladh deas (*a nice smell*) ag teacht as an maicréal a fuair sí ó iascaire a bhí ag obair sna curracha. Bhí meas ag an bpobal ar an lucht siúil agus gaol maith eatarthu; bhí an nós acu déirc a lorg (*to look for alms*) ag an scoil freisin. Go tobann, chaith buachaill mór scraithín (*sod*) isteach i lár an phota. D'imigh gach rud ar fud na talún (*all over the ground*) agus bhí an bhean ar buile. Tá íomhá ghreannmhar anseo nuair a lean sí ag mallachtach (*cursing*) agus ag liú (*yelling*) go doras na scoile agus tháinig sí amach leis an bpríomhoide. Tugtar cur síos greannmhar ar an máistir, a cheann ata le brú fola (*swollen with blood pressure*). Bhí meas ag muintir na háite ar an lucht siúil faoin am sin mar b'iad na daoine a dhíbir Cormail (*that Cromwell expelled*) ó thithe agus ó thalamh na hÉireann.
- 9. Faighimid léargas ar shimplíocht an tsaoil (*the simplicity of life*) a bhí ag muintir na háite. Bhí tithe beaga acu, le lampa íle ar crochadh (*hanging*) ar an mballa agus pota prátaí á bheiriú (*being boiled*) ar an gcroch iarainn (*iron hook*). Ní raibh ach dhá raidió sa pharóiste agus ceann amháin acu (*one of them*) i dteach Ó Sé. Mar gheall ar an raidió ba mhinic a thug comharsana (*neighbours*) cuairt ar a theach. Bhí an teach lán nuair a bhí craobhchluiche na hÉireann ar siúl. Ní raibh a mháthair ábalta éisteacht le cluiche nuair a bhí Ciarraí ar chomhscór mar bhí eagla uirthi go scórfáí cúl (*that a goal would be scored*) i gcoinne Ciarraí. Bhí uirthi dul amach sa ghairdín. Bhí an nós (*habit*) ag a athair brailín (*sheet*) a chur ar an raidió chun é a chosaint ó smúit (*to protect it from dust*.) Cé nach raibh siad go maith as, bhí siad sásta agus bhain siad taitneamh as (*they enjoyed*) na rudaí simplí agus an comhlúadar (*the company*) a bhí acu. Ní raibh a lán clár ar fáil as Gaeilge ach bhain sé taitneamh astu, mar a deir Ó Sé féin 'An rud is annamh is iontach.' (*What is seldom is wonderful*)

- 10. Bhain an chlann an -taitneamh agus spórt as an mbothántaíocht. Tá greann le feiceáil sa chur síos a rinne Ó Sé ar bhean comharsan a tháinig ar cuairt. Níor cheap sí gurbh fhiú (*that it was worthwhile*) éisteacht le drámaí ar an raidió mar ní raibh tú ábalta na haisteoirí a fheiceáil. Ach bhí sí chomh tógtha leis (*taken with*) an dráma, thosaigh sí ag bogadh a cluaise níos cóngaraí (*moving her ear closer*) don raidió. Go tobann, stopadh an chaint ar an raidió agus bhog sí níos cóngaraí arís. Nuair a dúirt duine de na haisteoirí 'You're near enough now' go tobann, léim an bhean bhocht as an gcathaoir. D'imigh sí as an teach ar luas lasrach ag rá go raibh púcaí (*ghosts*) sa raidió!
- 11. Bhí an bhothántaíocht acu mar chaitheamh aimsire i rith oícheanta an gheimhridh. Bhí comhrá agus craic sna tithe agus bhain siad an-taitneamh as. Dlúthphobal a bhí ann agus bhí traidisiúin na bothántaíochta tábhachtach (*important*) dóibh. D'inis daoine scéalta agus chan siad seanamhráin. Ní raibh siad go maith as ach bhí siad sásta. Ba scéalaí iontach é Grae. Ceird speisialta a bhí ann agus bhí a fhios ag Grae conas lucht éisteachta a tharraingt isteach (*to draw in a crowd*). Feicimid bua an chuimhne (*the gift of memory*) arís anseo nuair is cuimhin le Ó Sé conas a shuigh sé os cionn na tine, an chathaoir ar an dá chos diridh (*on its two back legs*), a phiopa ina bhéal aige agus é ag tarraingt gal fada (*drawing a long smoke*) isteach go mall agus ag ligean an deataigh amach as an mbearna (*through the gap*) idir a fhiacra. D'inis Grae na scéalta ab fhearr nuair a bhí na páistí sa leaba, ach d'éist Maidhc leo ón doras. Chuala sé ceann greannmhar faoin iascaireacht. Bhí Grae ag iascaireacht le beirt agus bhí fear sotalach (*arrogant*) amháin, Hugh ag maíomh (*boasting*) nach mbeadh iasc ar bith acu gan a mholadh féin (*without his own advice*). Fuair Hugh cupán mar ní raibh ach pláta amháin acu agus nuair a bhí an béile ite (*when the meal was eaten*) chuir Grae ceist air ar nigh sé an cupán. Níor nigh. Ansin, d'inis Grae scéal faoi a chara a raibh tinneas air agus a lig ualach (*let out a load*) sa chupán sin. Ní raibh Hugh chomh sotalach ansin agus chaith sé suas a bhéile! (*He vomited his meal*)
- 12. Bhí iascaireacht neamhdhleathach (*illegal*) ar siúl san abhainn áitiúil (*local river*) mar ní raibh muintir na háite go maith as. Faighimid léargas suimiúil ar an saol i gceantar bochta Gaeltachta (*in a poor Gaeltacht area*) le linn na gcaogaidí. (*during the 50's*) Chuaigh siad amach san oíche mar bhí na Gardaí nó báillí (*bailiffs*) ag féachaint i rith an lae. Tharraing siad líon síos suas an abhainn agus bhí gach orlach (*every inch*) ar eolas ag Maidhc. Bhí scil ag baint leis an obair; bhí sé deacair iasc a fheiceáil ar leaba na habhann agus d'úsáid siad traimil (*nets*) agus píce speisialta chun an iasc a shá (*stab*) sular éalaigh sé. (*before he escaped*.) Lá amháin, chonaic Maidhc bradán breá san abhainn agus bhrostaigh sé chun a athair a fháil. Níor rith siad go dtí an abhainn ar eagla go mbeadh comharsana eile ag teacht leo (*that neighbours would be coming with them*). Tá greann anseo. Nuair a chuir a athair an pic sa bhradán agus d'ardaigh sé é (*he lifted it*) suas go bródúil, rinne an bradán cor (*twist*), agus briseadh an píce ina dhá leath (*in half*). I bpreabadh na súl, thit a athair isteach san abhainn agus a fhiacra agus a phiopa fós ina bhéal aige. (*still in his mouth*) Phléasc Maidhc amach ag gáire agus bhí a

athair ar buile. Thosaigh sé ag mallachtach (*cursing*) agus tháinig focail as a bhéal nár chuala Maidhc riamh sa Ghaeilge!!

- 13. Is léir go raibh cultúr na dtoitíní seanbhunaithe (*well-established*) sa cheantar. Dar le Ó Sé, nuair a shroich buachaill sé bliana déag, bhí toitín ina bhéal aige. Tugtar íomhá ghreannmhar de Mhaidhc ag seasamh ar thaobh na gaoithe (*downwind*) de dhuine ag caitheamh 'Woodbine' chun an blas (*the taste*) a fháil. Is léir go raibh Ó Sé sásta magadh faoi féin. Níor chuir siad aon rud amú (*they didn't waste anything*) agus chuir siad na buiteanna isteach ina bpócaí. Chuir Maidhc aithne ar (*got to know*) uncail a charad a thug toitíní amach agus bhí a chéad thoitín (*his first cigarette*) aige. Feicimid go bhfuil Maidhc ábalta gáire faoi féin anseo. Cheap sé go raibh sé ina fhear ach go tobann bhraith sé a cheann ag éirí éadrom (*getting light*) agus pian ina scámhóga (*his lungs*). Rith sé amach chuig an mbóithrín agus chaith sé suas.
- 14. Bhí Maidhc bocht gafa le toitíní tar éis tamaill. Bhailigh sé buiteanna ó halla an pharóiste (*the parish hall*), bhain siad an páipéar díobh (*removed the paper*) agus chuir siad an tobac i mbosca stáin (*in a tin box*). Bhí an t-airgead gann (*scarce*) agus níor chuir siad aon rud amú. (*waste*) Nuair a bhí gal (*smoke*) ag teastáil, chuir siad an tobac i bpíosa den 'Kerryman'. Bhí cleasanna (*tricks*) eile acu chun toitíní a fháil. Tá gliceas le feiceáil anseo. Ghearr siad (*they cut*) cuid de mhoing nó d'eireaball capaill (*horse's mane or tail*) agus dhíol siad é do na tincéirí, ansin nuair a thug duine faoi deara é, chuir siad an locht ar (*they blamed*) na tincéirí. Uaireanta ghoid siad uibheacha, ach uair amháin bhí Maidhc i dtrioblóid nuair a ghoid sé uibheacha ó chearc (*hen*) a chonaic sé i ngort agus bhí sicíní marbha iontu.
- 15. Tugtar léargas ar an ngaol idir Mhaidhc agus a athair anseo. Nuair a fuair a athair amach gur ghoid sé agus dhíol sé na huibheacha, bhuail sé é sa chluais agus d'éalaigh sé (*he escaped*) síos go dtí an abhainn go dtí gur tháinig a dheartháir Páidí chun insint dó (*to tell him*) go raibh a nDaid (*their Dad*) imithe amach.
- 16. Bhí an-dúil ag Maidhc sa cheol, agus an bosca ceoil go háirithe (*especially*). Ní raibh ach dhá sheans aige éisteacht le ceol. Bhí raidió ina theach féin agus d'éist Maidhc le clár bailéidí agus ceol traidisiúnta faoi urraíocht (*sponsored by*) 'Cox of Kilcock'; comhlacht a dhíol uirlísí ceoil. Chomh maith le sin sheinn dream (*a group*) buachaillí taobh amuigh de theach Sheáin Uí Dhomhnaill tar éis Aifrinn ar an Domhnach. Ceoltóir iontach a bhí ann.
- 17. Dúirt a dheartháir faoi Hohner a bhí ar fáil ó Cox of Kilcock le dhá 'row' air. Bhí tú ábalta airgead a íoc (*to pay*) gach mí. D'ordaigh siad catalóg agus bhain siad an-taitneamh as féachaint tríd. Faighimid léargas ar an gcaidreamh idir Maidhc agus a thuistí anseo. Lorg siad an dá phunt le cur síos ar an mbosca (*to put down on the box as deposit*) a roghnaigh siad óna Mam nuair a bhí a nDaid (*their Dad*) as baile mar bhí sé níos éasca teacht timpeall uirthi. Cé

nach raibh mórán airgid acu, nuair a labhair na buachaillí go fonnmhar (enthusiastically) faoin mbosca ghéill sí (*she gave in*) gan argóint, cé go ndúirt sí nach mbeadh a nDaid róshásta nuair a chloisfeadh sé. Is léir go raibh sí fial agus grámhar (*generous and loving*).

- 18. Nuair a tháinig an bosca, bhailigh gach duine sa teach chun féachaint air. Bhí ionadh an domhain ar Mhaidhc agus fiú a mháthair (*even his mother*) nuair a tháinig a Dhaid isteach agus thosaigh sé ag seinm. Ní raibh a fhios acu go raibh sé ábalta seinm ar chor ar bith. Feicimid gur fear simplí cúlanta (*modest*) é. Bhí Maidhc an-bhródúil as, mhothaigh sé gur Jimmy Shand a bhí ann!
- 19. Bhí bua an cheoil ag Maidhc agus bhí sé i bhfad níos díograisí (*more diligent*) ag seinm ná mar a bhí sé ar scoil. Chleacht sé gach oíche tar éis obair bhaile agus níorbh fhada go raibh cúpla port aige. Bhuail a Mham le Seán Coughlan; ceoltóir ón Daingean a bhí ag seinm sna hallaí rince i Chicago agus thug sí cuireadh dó teacht go dtí an teach. Thug sé nodanna (*tips*) do Mhaidhc agus nuair a d'aithin (*recognised*) Maidhc gur sheinn sé dhá phort as a chéile (*consecutively*) dúirt sé go raibh cluas iontach aige.
- 20. Ba mhaith le tuistí Mhaidhc é a chur ar bhóthar a leasa (*put him on the right path*) agus múinteoir a dhéanamh de. Bhí pictiúir simplí de shaol an mhúinteora (*the life of a teacher*) acu agus cheap siad go mbeadh sé ag críochnú ar a trí a chlog gach lá agus go mbeadh sé ábalta léine bhán agus carbhat (*tie*) a chaitheamh. Bhí a thuistí uaimhianach (*ambitious*) dó agus bhí an t-oideachas tábhachtach dóibh. Chuir siad brú air a obair scoile a dhéanamh ina sheomra. Thuig a mháthair tábhacht an oideachais (*the importance of education*) agus bhí sí buartha (*worried*) go mbeadh sé ina 'spailpín fánach' nó 'sclábhaí suaiste' gan cháilíochtaí (*without qualifications*).
- 21. Tugtar léargas ar an ngaol idir Mhaidhc agus a mháthair anseo. Bhí Maidhc ábalta an dullamullóg a chur ar a mháthair (*to pull the wool over her eyes*). Dúirt sé go raibh an scrúdú ní ba dheacra (*most difficult*) an bhliain sin nuair níor éirigh leis áit a fháil sa Choláiste Ullmhúcháin agus chreid sí é. Bhí muinín aici as.
- 22. Ní raibh suim ar bith ag Maidhc sna leabhair. Sheinn sé a bhosca ceoil ina sheomra i ngan fhios dóibh agus lig sé air (*he pretended*) go raibh sé ag obair go dian. B'fhearr le Maidhc obair phraicticiúil a dhéanamh in ionad (*instead of*) bheith ag léamh leabhar. Nuair a luaigh a mháthair an Ceardscoil dúirt sé gurbh fhearr leis (*that he would prefer*) dul ag obair le feirmeoir ach nuair a chuala sé go mbeadh an deis aige siúinéireacht (*carpentry*) a fhoghlaim shocraigh sé ar dhul / d'athraigh sé a aigne (*He changed his mind*). Bhain sé taitneamh as a laethanta ar an gCeardscoil. Bhí na háiseanna i bhfad níos fearr ná an tseanscoil agus bhí sé sásta bheith ag obair lena lámha.

- 23. Tugtar cur síos greannmhar ar an síob a fuair sé chuig an gCeardscoil i seancharr a bhailigh deichniúir eile ón gceantar. Bhí suíochán amháin déanta as adhmaid! (*made out of wood!*). Cé nach raibh mórán ag muintir na háite, rinne siad a ndícheall (*they did their best*) leis an méid a bhí acu.
- 24. Bhuail Maidhc le daoine nua suimiúla freisin nuair a bhí sé ar Cheardscoil. Bhuail Maidhc le gréasaí áitiúil agus chaith sé a lán ama ag a siopa ag caitheamh Woodbines. Chomh maith le sin d'imir sé caide lena chairde i bPáirc Ághasaigh nuair a bhí leathlá aige gach Céadaoin. Bhí tionchar (*influence*) ag an múinteoir adhmaadóireachta (*wood-work teacher*) air freisin. Bhain siad an-sult as an mblas Chonamara (*Connemara dialect*) a bhí ar a chuid Gaeilge. Bhí an-suim aige sa pheil agus bhí sé ina thraenálaí ar fhoireann na Ceardscoile freisin. Thug siad an leasainm 'Maidhc an Adhmaid' air.
- 25. Ghlac siad páirt i rás naomhóige (*currach*) sa Daingean. Fuair Maidhc an Adhmaid naomhóg rásaíochta ar iasacht. Chleacht siad i naomhóg throm áfach agus nuair a tháinig lá an rása ní raibh siad ábalta an naomhóg rásaíochta a stiúiradh (*steer*). Ba léir go raibh tuiscint ar an mbádóireachta ag Maidhc. Tá clisteacht le feiceáil anseo. Dúirt sé go raibh sé níos éasca i gcoinne na gaoithe. Bhain siad an triú áit amach agus bhí an múinteoir an-bhródúil astu. Ina dhiaidh sin, thaispeáin sé dóibh conas naomhóg rásaíochta dá gcuid féin (*of their own*) a dhéanamh. Thosaigh siad ag traenáil sa naomhóg a rinne siad ach nuair a ghlac siad páirt sa rás céanna tháinig siad chun deiridh (*they came last.*)
- 26. Ghlac siad páirt i gcomórtas peile freisin. Ní raibh ach seacht mbuachaill déag sa cheardscoil; cúig déag ag imirt agus beirt ionadaí (*sub*). Dá mbeadh éinne tinn, bheadh an fhoireann i bponc. Tugtar cur síos greannmhar ar a gcéad chluiche. Bhí siad i bhfad níos láidre (*stronger*) ná an fhoireann eile a bhí ina 'spiosáin beaga laga' (*weak little birds*) dar leo. Bhí Maidhc sa chúl agus ní raibh mórán le déanamh aige, bhí sé préachta leis an bhfuacht. Leag Pádraig Ó Sé buachaill eile a bhí ar thóir na liathróide. Bhí a aghaidh sa phluda (*face in the mud*) agus ina dhiaidh sin bhí eagla ar an mbuachaill céanna dul i ngar (*near*) don liathróid. Nuair a thug a thraenálaí amach don buachaill dúirt sé i mBéarla 'Are you sure he's not one of the teachers? I swear he's shaving for the last seven years.' Bhuaigh siad gan dua. Tar éis cúpla cluiche eile, shroich siad an cluiche ceannais. Bhí Maidhc an-neirbhíseach roimh an gcluiche agus bhí fir móra láidre ag imirt don Tóchar. Chuir siad brú ar an Tóchar sa chéad leath, agus ag leath-ama bhí siad chun tosaigh. (*in front*) Sa dara leath bhí buachaill láidir ag imirt i lár na páirce agus tháinig athrú mór ar an gcluiche. Bhí Maidhc an-ghnóthach sa chúl agus ní raibh ach dhá chúlín idir an dá fhoireann agus dhá nóiméad fágtha. Thosaigh na tosaithe (*the forwards*) ag cabhrú leis na cúlaithe (*the backs*) agus fuair siad an bua. Bhí Maidhc agus a chairde ar muin na muice!
- 27. Bhí na cúrsaí Gaeilge ar siúl gach samhradh agus nuair a bhí Maidhc cúig bliana déag agus a rásúr féin aige bhí sé ag tnúth le bualadh leis na cailíní. Bhí an t-ádh air go raibh sé ábalta an

bosca a sheinm, mar fuair sé post ag seinm ag na céilithe beaga agus bhí sé ábalta freastal ar na céilithe móra saor in aisce (*for free*) mar chuid dá phá (*as part of his pay*).

- 28. Ar an gcéad oíche bhí sé ar triail/ ag déanamh trialach. Bhí sé ag obair lena Dhaid, ag cabhrú le feirmeoir áitiúil ach bhí deifir air dul abhaile. D'iarr a Dhaid air fanacht go dtí go mbeadh gal aige agus thosaigh sé ag spochadh as (*teasing him*) os comhair na bhfear eile nuair a mhínigh Maidhc go raibh sé ag seinm sa chéilí. Tugtar léargas dúinn ar an ngaol idir Mhaidhc agus a athair anseo mar thug Maidhc freagra droch-bhéasach nuair a chonaic sé go raibh a pháipá ina bhéal aige agus phléasc na fir eile amach ag gáire. Cé go raibh sé dian ní raibh eagla ar Mhaidhc roimhe. Bhí caidreamh grámhar eatarthu. (idir+siad) Ní raibh mórán measa ag a Dhaid ar na céilithe agus is dócha gur thuig sé cad a bhí ar siúl ag na daoine óga. Dar leis, bhí daoine óga 'imithe i gcoinne grásta Dé' (*gone against the grace of God*). Dúirt sé go mbeadh ar Mhaidhc éirí go luath ar maidin agus a shúile ar oscailt aige gan bheith ag dul ó áit go háit cosúil le Raiftearaí an file. Ní mó ná sásta a bhí sé nuair a thug Maidhc ais-fhreagra go raibh a chás difriúil mar bhí seisean ag déanamh airgid as a chuid ceoil. Feicimid gur duine cliste é Maidhc anseo.
- 29. Rinne Maidhc an-iarracht (*great effort*) don oíche agus chuir a Mhaim ceist air cá raibh sé ag dul lena éadaí Domhnaigh air agus a chuid gruaige 'plastarálta' leis an méid 'Brillantinne' a chuir sé ann. Feicimid arís anseo go bhfuil Ó Sé ábalta spochadh as féin. Tá greann le feiceáil sa chaoi a chuir sé an bosca ceoil sa chiseán ar a rothar agus chlúdaigh sé é (*He covered it*) le paca garbh (*rough packing*) ionas nach mbeadh na comharsana ag caint faoi. Tugtar cur síos greannmhar ar na buachaillí agus cailíní ar dhá thaobh den halla. Bhí Maidhc an-sásta leis an radharc a bhí aige ar na cailíní. Faraor, ní raibh Maidhc ábalta dul ag rince mar bhí sé ar an stáitse! Níor smaoinigh sé ar sin. Tugtar cur síos greannmhar ar na hullmhúcháin a rinne na buachaillí. Bhuail sé le Seán Mór ag an doras oíche eile agus d'iarr sé air carbhat (*tie*) a chur air mar bheadh daoine ag gáire faoi ag siúl tríd an pharóiste le carbhat air. Bhí an halla an-te an oíche sin agus thug Maidhc faoi deara nár bhain Seán Mór a chasóg (*his jacket*) de cé go raibh siad ag cur allais. D'iarr Seán air teacht isteach sa leithreas chun an scéal a mhíniú agus thaispeáin sé an poll mór i gcúl na léine. Thriomaigh sé (*he dried*) an léine ar sceach (*on a bush*) agus d'ith gamhain (*calf/goat*) cuid de!
- 30. Thug sé cailín sa chúinne (*in the corner*) faoi deara ag féachaint air ó am go chéile (*occasionally*). Is dócha go raibh sé ag stánadh (*staring*) uirthi mar chuaigh an ceol ar strae agus thug múinteoir rabhadh (*warning*) dó a dhá shúil a chur ar ais ina cheann. Níor labhair Maidhc go díreach le hEibhlín ar ndóigh, bhí siad i bhfad róchúthail (*too shy*) ach dúirt cara léi go mbeadh sí sásta 'date' a fháil leis. Chonaic buachaill ón gceantar, Seán Mór Ó Dómhnaill é seo agus chuaigh sé ag damhsa le hEibhlín chun Maidhc a chrá. (*to torment Maidhc*). Is dócha go bhfuair Seán diúltiú (*refusal*) mar dhírigh sé a dhorn (*shook his fist*) ar Mhaidhc, ag

ligean air (*pretending*) go raibh fearg air. Bhí Eibhlín ag fanacht air tar éis Ámhrán na bhFiann agus shiúil sé í abhaile. Tugtar íomhá ghreannmhar ar shráid áitiúil a bhí 'cosúil le Sráid Uí Chonaill le cúplaí ag cúirtéireacht' (*courting*). Thuig Maidhc an córas agus nach mbeadh uirthi bheith abhaile le haghaidh an rolla go dtí a haon déag. Chaith siad cúpla uair le chéile agus thug Eibhlín cuireadh dó teacht léi go dtí an céilí mór an oíche dár gcionn. Ar ndóigh, bhí Maidhc ar bharr na gaoithe!

- 31. Chaith sé mí iontach le hEibhlín agus nuair a tháinig an oíche dheireanach bhí plean aige. Is dócha go raibh pleananna ag buachaillí eile freisin mar nuair a shroich sé an lóistín bhí buachaillí eile ag crochadh timpeall (*hanging around*) freisin. Tugtar íomhá ghreannmhar dúinn de bhean an tí ag cur na ruaige orthu (*chasing them*) agus iad ag dul i bhfolach (*hiding*) sna sceacha (*in the bushes*) nuair a chonaic siad soilse na múinteoirí. Nuair a bhí an rolla glaoite sa teach, fuair sé dréimire agus chuir sé é i gcoinne an tí. Fuair sé cabhair óna chara Éamonn agus d'aontaigh cara Eibhlín teacht amach leis nuair a dúirt Maidhc go raibh sé cosúil le Rock Hudson. Faraor, chonaic roinnt buachaillí iad agus ghlaigh duine acu os ard 'nach ait an t-am d'oíche é do bheirt siúinéirí bheith ag cur fuinneoige isteach?' (*'isn't it a strange time of night for two carpenters to be putting in a window?*) Tháinig bean an tí amach agus bhí ar Mhaidhc léim anuas ón gceathrú runga den dréimire. Bhuail sí é le scuab idir an dá shlinneán ag rá 'tóg an méid sin, a thailliúrín na mban' (*take that you womaniser*) Dúirt sé le hÉamonn a bhí ag briseadh a chroí ag gáire nach mbeadh sé ag dul ar ais go dtí an teach fiú dá mbeadh Elizabeth Taylor ag feitheamh air.

A THIG NÁ TIT ORM

Topaic	Pointí
Saol na Tuaithe 4, 8, 9, 10, 11, 12, 16, 28	Ag imirt peile ar an mbóthar, an lucht siúil, simplíocht an tsaoil, an raidió le 'púcaí', an bhothántaíocht, iascaireacht neamhdhleathach, ceol, ag magadh faoina athair(obair & céilí),
Simplíocht an tsaoil 4, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 16,	Ag imirt peile ar an mbóthar, simplíocht an tsaoil, an raidió le 'púcaí', an bhothántaíocht, iascaireacht neamhdhleathach, Na toitíní, ceol,
Caitheamh Aimsire sa Ghaeltacht 2, 4, 9, 10, 11, 12, 16, 17, 19, 25, 26, 29, 31	Ag troid ar scoil, Ag imirt peile ar an mbóthar, simplíocht an tsaoil, an raidió le 'púcaí', an bhothántaíocht, iascaireacht neamhdhleathach, ceol, rásaí bádóireachta, comórtas peile, na hullmhúcháin don rince, An oíche dheireanach den chúrsa,
Saol ar Scoil: bunscoil. Ceardscoil 2, 3, 5, 6, 23,24,	Ag troid ar scoil, Píonós Corpartha, Cuairt an Chigire, Dearcadh an pháiste A chéad lá ar Chearscoil, rásaí bádóireachta, comórtas peile,
A Athair 9, 12, 15, 17, 18, 20, 28	Simplíocht an tsaoil, iascaireacht neamhdhleathach, I dtrioblóid lena athair, an bosca ceoil, ar bhóthar a leasa, ag magadh faoi a athair
A Mháthair 1, 9, 17, 19, 20, 21, 29	A chéad lá ar scoil, simplíocht an tsaoil, an bosca ceoil, ar bhóthar a leasa, ag cur an dullamalóg ar Mham, na hullmhúcháin don rince,
Greann 1,2, 6, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 21, 23, 26, 28, 29, 30	A chéad lá ar scoil, Ag troid ar scoil, Dearcadh an pháiste, an lucht siúil, an raidió le 'púcaí', an bhothántaíocht, iascaireacht neamhdhleathach, Na toitíní, , ag cur an dullamalóg ar Mham, a chéad lá ar Cheardscoil, comórtas peile, ag magadh faoi a athair, na hullmhúcháin don rince, An oíche dheireanach den chúrsa,
Gliceas & Clisteacht 2, 5, 7, 12, 14, 17, 19, 21, 25, 28, 30	Ag troid ar scoil, Cuairt an Chigire, Ag freagairt ceist an Chigire, iascaireacht neamhdhleathach, Na toitíní, an bosca ceoil, ag cur dullamallóg ar a mháthair, rásaí bádóireachta, ag magadh faoi a athair, An oíche dheireanach den chúrsa.

Tréithe Maidhc, 2, 5, 19, 19, 22, 30 (&as above ^ Is duine glic cliste é.)	Ag troid ar scoil, Cuairt an Chigire, bua an cheoil, ag seinm ceoil, bua an cheoil, An oíche dheireanach den chúrsa,
Óige 1,2, 3, 4, 6, 13, 14, 17, 18, 20, 21, 27, 29, 30	A chéad lá ar scoil, Ag troid ar scoil, Ag imirt peile ar an mbóthar, Dearcadh an pháiste, Na toitíní, bóthar a leasa, ag cur an dullamallóg ar a mháthair, na cúrsaí Gaeilge, na hullmhúcháin don rince, ag bualadh le hEibhlín,
An Ghaeltacht 2, 4, 9, 11, 12, 13, 14, 20, 23, 27, 29	Ag troid ar scoil, , Ag imirt peile ar an mbóthar, simplíocht an tsaoil, an bhothántaíocht, iascaireacht neamhdhleathach, na toitíní, bóthar a leasa, a chéad lá ar Ceardscoil, na cúrsaí Gailge, na hullmhúcháin don rince,
Cúrsaí Clainne/Caidreamh 1, 9, 12, 15, 17, 18, 20, 21, 28, 29	A chéad lá ar scoil, simplíocht an tsaoil, iascaireacht neamhdhleathach, I dtrioblóid lena athair, bosca ceoil, bóthar a leasa, ag cur an dullamullóg ar a mháthair, ag magadh faoi a athair, na hullmhúcháin don rince,
Ganntanas 4, 9, 10, 13, 14, 17, 23, 29	Ag imirt peile ar an mbóthar, simplíocht an tsaoil, an raidió le 'púcaí', na toitíní, ceol, a chéad lá ar cheardscoil, na hullmhúcháin don rince,
Bua an Chuimhne 1, 2, 3, 5, 7, 19, 23, 26, 29, 31	A chéad lá ar scoil, Ag troid ar scoil, Píonós Corpartha, Cuairt an Chigire, Ag freagairt Ceist an Chigire, bua an cheoil, a chéad lá ar cheardscoil, comórtas peile, na hullmhúcháin don rince, An oíche dheireanach den chúrsa,
Stíl simplí/ Stíl scéalaíochta 2, 4, 10, 23, 26, 29, 30, 31	Ag troid ar scoil, Ag imirt peile ar an mbóthar, an raidió le 'púcaí', a chéad lá ar cheardscoil, comórtas peile, na hullmhúcháin don rince, ag bualadh le hEibhlín, An oíche dheireanach den chúrsa,
Dearcadh an pháiste 1, 3, 5,	A chéad lá ar scoil, Píonós Corpartha, Cuairt an Chigire,
Cleasaíocht/ Pleidhcíocht 2, 8, 13, 14, 21,	Ag troid ar scoil, an lucht siúil, na toitíní, ag cur an dullamallóg ar a Mhaim,
Na suimeanna a bhí ag Maidhc (17-19) 22, 25, 26, 27, 29,	Ag seinm ceoil, rásaí bádóireachta, cómórtas peile, na cúrsaí Gaeilge (cailíní), na hullmhúcháin don rince,

2014

“Cé go raibh an bochtanas thart timpeall ar Mhaidhc agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht bhí spórt agus spraoi ann leis.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

Freagra Samplach: (+sleachta le tógáil as an tsliocht)

Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas. Ní raibh clann Ó Sé go maith as agus ní raibh an ceantar Gaeltachta go maith as ach dlúthchlan agus dlúthphobal a bhí iontu agus bhain siad taitneamh as an gcomhlúadar, as caitheamh aimsire agus na traidisiúin a bhí acu.

(Féach ar 4, 9,10, 11, 27)

Tugann Ó Sé léargas dúinn ar na caitheamh aimsire a bhí acu sa Ghaeltacht le linn a óige agus an spórt agus spraoi ag baint leis. Sa dea-aimsir, chaith siad a lán ama ag imirt peile le chéile ar an mbóthar. **Cé nach raibh páirc imeartha acu, níor chuir sé sin bac leis an spórt a bhí acu.** Chuir siad clocha síos mar chuailí cúil. (*goal-posts*). Ghlac daltaí ó rang a trí anuas go dtí na naíonáin páirt sna cluichí agus bhí buntáiste mór (*big advantage*) ag na buachaillí móra. Tugtar cur síos taitneamhach greannmhar ar na cluichí. Bhí siad chomh fíochmhar (*as vicious*) leis na troideanna ar scoil. Ní raibh rialacha ar bith ann. Ní raibh ról áirithe ag éinne, bhí gach duine ar thóir na liathróide (*chasing the ball*) Ba mhinic a bhí slua (*crowd*) timpeall an chúil (*around the goal*) cosúil leis an gclibirt (*scrum*) sa rugbaí. Níor chaith éinne a lán ama ar an liathróid mar i bpreabadh na súl (*in the blink of an eye*) bheadh slua timpeall orthu agus ba mhinic a fuair siad buille (*a smack*) san aghaidh. Ba bhuntáisté eile é ingne fada géara (*long sharp nails*) gan amhras leis an méid scríobtha (*with the amount of tearing*) a bhí ar siúl. **Tá greann agus spraoi le feiceáil sa chur síos gan dabht ar bith.**

Faighimid léargas ar shimplíocht an tsaoil (*the simplicity of life*) a bhí ag muintir na háite. **Is léir go raibh bochtanas ann.** Bhí tithe beaga acu, le lampa íle ag crochadh (*hanging*) ar an mballa agus pota prátaí á bheiriú (*being boiled*) ar an gcroch iarainn (*iron hook*). Ní raibh ach dhá raidió sa pharóiste agus ceann amháin acu (*one of them*) i dteach Ó Sé. Mar gheall ar an raidió ba mhinic a thug comharsana (*neighbours*) cuairt ar a theach. Bhí an teach lán nuair a bhí craobhchluiche na hÉireann ar siúl. Ní raibh a mháthair ábalta éisteacht le cluiche nuair a bhí Ciarraí ar chomhscór mar bhí eagla uirthi go scórfáí cúl (*that a goal would be scored*) i gcoinne Ciarraí. Bhí uirthi dul amach sa ghairdín. Bhí an nós (*habit*) ag a athair brailín (*sheet*) a chur ar an raidió chun é a chosaint ó smúit (*to protect it from dust.*) **Cé nach raibh siad go maith as, bhí siad sásta agus bhain siad taitneamh as (they enjoyed) na rudaí simplí agus an comhlúadar (the company) a bhí acu.**

Ní raibh a lán clár ar fáil as Gaeilge **ach bhain siad taitneamh astu**, mar a deir Ó Sé féin 'An rud is annamh is iontach.' (*What is seldom is wonderful*) **Tá greann agus spórt le feiceáil sa chur síos ar rinne Ó Sé ar bhean comharsan a tháinig ar cuairt**. Níor cheap sí gurbh fhiú (*that it was worthwhile*) éisteacht le drámaí ar an raidió mar ní raibh tú ábalta na haisteoirí a fheiceáil. Ach bhí sí chomh tógtha leis (*taken with*) an dráma, thosaigh sí ag bogadh a chluaise níos cóngaraí (*moving her ear closer*) don raidió. Go tobann, stopadh an chaint ar an raidió agus bhog sí níos cóngaraí arís. Nuair a dúirt duine de na haisteoirí 'You're near enough now' go tobann, léim an bhean bhocht as an gcathaoir. D'imigh sí as an teach ar luas lasrach ag rá go raibh púcaí (*ghosts*) sa raidió.

Dlúthphobal a bhí ann agus bhí traidisiúin na bothántaíochta tábhachtach (important) dóibh. Bhí an bhothántaíocht acu mar chaitheamh aimsire i rith oícheanta an gheimhridh agus is léir gur bhain siad spórt agus spraoi aisti. Bhí comhrá agus craic sna tithe agus bhain siad an-taitneamh as. D'inis daoine scéalta agus chan siad seanamhráin. Ní raibh siad go maith as ach bhí siad sásta. Ba scéalaí iontach é Grae agus **bhain Maidhc spórt agus spraoi as a scéalta**. D'inis Grae na scéalta ab fhearr nuair a bhí na páistí sa leaba, ach d'éist Maidhc leo ón doras. Chuala sé ceann greannmhar faoi iascaireacht. Bhí Grae ag iascaireacht le beirt agus fear sotalach (*arrogant*) amháin, Hugh ag maíomh (*boasting*) nach mbeadh iasc ar bith acu gan a mholadh féin (*without his own advice*). Fuair Hugh cupán mar ní raibh ach pláta amháin acu agus nuair a bhí an béile ite (*when the meal was eaten*) chuir Grae ceist air ar nigh sé an cupán. Níor nigh. Ansin, d'inis Grae scéal faoi a chara a raibh tinneas air agus a lig ualach (*let out a load*) sa chupán sin. Ní raibh Hugh chomh sotalach ansin agus chaith sé suas a bhéile! (*He vomited his meal*)

Gan amhras, bhí spórt agus spraoi ag baint leis na cúrsaí Gaeilge a bhí ar siúl i rith an tsamhraidh. Bhí na cúrsaí Gaeilge ar siúl gach samhradh agus nuair a bhí Maidhc cúig bliana déag agus a rásúr féin aige bhí sé ag tnúth le bualadh leis na cailíní. Bhí an t-ádh air go raibh sé ábalta an bosca a sheinm, mar fuair sé post ag seinm ag na céilithe beaga agus bhí sé ábalta freastal ar na céilithe móra saor in aisce (*for free*) mar chuid dá phá (*as part of his pay*). **Tugtar íomhá ghreannmhar duinn den spórt agus spraoi** ar shráid áitiúil a bhí 'cosúil le Sráid Uí Chonaill le cúplaí ag cúirtéireacht' (*courting*). Thuig Maidhc an córas agus nach mbeadh ar Eibhlín bheith ar ais le haghaidh an rolla go dtí a haon déag. Chaith siad cúpla uair le chéile agus thug Eibhlín cuireadh dó teacht léi go dtí an céilí mór an oíche dár gcionn. Ar ndóigh, bhí Maidhc ar bharr na gaoithe! **Tá an spórt agus spraoi le feiceáil san oíche dheireanach chomh maith. Tá scéal taitneamhach siamsúil anseo....**

2013

“Faighimid léiriú suimiúil ar chúrsaí scoile agus ar chaitheamh aimsire sa Ghaeltacht nuair a bhí an t-údar ag fás aníos ann.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(Féach ar an dá freagra samplach a thugadh amach cheana; is féidir na pointí seo a lua:

- cúrsaí scoile ; troideanna (2), piónós corpartha (3), cuairt an chigire (5), dearcadh an pháiste (6).
- caitheamh aimsire: ag imirt peile ar an mbóthar (4), an raidió (9&10), bothánaíocht (11), ceol (16,18,19)

2012

Déan plé ar an dá ghné den chur síos ar shaol an údair agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht is mó a chuaigh i bhfeidhm ort.

“Faighimid léiriú suimiúil ar chaidrimh clainne san úrscéal seo.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(Féach ar 1, 15, 12...)

Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas. Tugtar léargas iontach dúinn san úrscéal seo ar an dlúthchaidreamh a bhí ag Maidhc agus a chlann. Sa cheist seo pléifidh mé

Tá léargas (*insight*) sa chéad chaibidil ar an ngaool/ ar an gcaidreamh (*the relationship*) idir Mhaidhc agus a Mham. Bhí sí uaimhianach (*ambitious*) dó. Rinne sí iarracht (*She tried*) é a chur ar bhóthar a leasa (*to put him on the right path*); rinne sí cinnte go raibh sé ag féachaint go maith agus glan. Ghléas sí é (*she dressed him*) ina éadaí Domhnaigh. Bhí an oideachas tábhachtach (*important*) di. Faighimid cur síos (*description*) ar na hullmhúcháin (*preparations*) a rinne a Mham roimh a chéad lá ar scoil. Is cuimhin leis a Mham ag glanadh na céire as a chluasa (*cleaning the wax from his ears*) agus ag ní a aghaidhe (*cleaning his face*) le tuáille garbh. Níor thuig Maidhc bocht ar ndóigh, cheap sé go raibh sé ag dul go dtí an siopa. Bhí faitíos air nuair a shroich siad an scoil agus níor aontaigh sé go raibh sé mór a dhóthain (*big enough*) chun dul ann. D'iarr sé (*He asked*) ar a Mham an mbeidh sí ábalta dul in éineacht leis. (*go with him*). Chomh maith leis an uaimhian, bhí bá (*sympathy*) aici dá mhac, agus d'fhéach sí go truamhéileach (*pityingly*) air nuair a mhínigh sí nach raibh cead ag aon Mhamáí fanacht ar scoil.

Tugtar léiriú suimiúil ar an ngaol idir Mhaidhc agus a athair nuair a fuair a athair amach gur ghoid sé agus dhíol sé uibheacha. Is léir go raibh a Dhaid dian ach ag an am céanna ní raibh eagla ar Mhaidhc roimhe. Bhuail sé Maidhc sa chluais agus d'éalaigh sé (*he escaped*) síos go dtí an abhainn go dtí gur tháinig a dheartháir Páidí chun insint dó (*to tell him*) go raibh a nDaid (*their Dad*) imithe amach.

Tá an gné seo dá gcaidreamh níos soiléire san chur síos ar eachtra a tharla nuair a bhí an bheirt acu ag iascaireacht. Bhí iascaireacht neamhdhleathach (*illegal*) ar siúl san abhainn áitiúil (*local river*) mar ní raibh muintir na háite go maith as. Lá amháin, chonaic Maidhc bradán breá san abhainn agus bhrostaigh sé chun a athair a fháil. Nuair a chuir a athair an píce sa bhradán agus d'ardaigh sé (*he lifted it*) é suas go bródúil, rinne an bradán cor (*twist*) agus briseadh an píce ina dhá leath (*in half*). I bpreabadh na súl, thit a athair isteach san abhainn agus a fhiacla agus a phíopa fós ina bhéal aige. (*still in his mouth*) Phléasc Maidhc amach ag gáire agus bhí a athair ar buile. Thosaigh sé ag mallachtach (*cursing*) agus tháinig focail as a bhéal nár chuala Maidhc riamh sa Ghaeilge. **Is léir go raibh caidreamh maith idir Mhaidhc agus a Dhaid agus go raibh spórt ann. Bhí Maidhc áblalta magadh faoina athair.**

Tá an gné seo le feiceáil arís nuair a d'iarr a Dhaid air fanacht go dtí go mbeadh gal aige agus thosaigh sé ag sponchadh as (*teasing him*) os comhair na bhfear eile nuair a mhínigh Maidhc go raibh sé ag seinm sa chéilí. Tugtar léargas dúinn ar an ngaol idir Mhaidhc agus a athair anseo mar thug Maidhc freagra droch-bhéasach nuair a chonaic sé go raibh a phíopa ina bhéal aige agus phléasc na fir eile amach ag gáire. Léirítear spórt agus greann anseo.

Bhí a thuistí grámhar agus uaimhianach dá mac. Ba mhaith leo Maidhc a chur ar bhóthar a leasa (*put him on the right path*) agus múinteoir a dhéanamh de. Bhí pictiúir simplí de shaol an mhúinteora (*the life of a teacher*) acu agus cheap siad go mbeadh sé ag críochnú ar a trí a chlog gach lá agus go mbeadh sé ábalta léine bhán agus carbhat (*tie*) a chaitheamh. Chuir siad brú air a obair scoile a dhéanamh ina sheomra. Thuig a mháthair tábhacht an oideachais (*the importance of education*) agus bhí sí buartha (*worried*) go mbeadh sé ina 'spailpín fánach' nó 'sclábhaí suaiste' gan cháilíochtaí (*without qualifications*). **Tugtar léargas ar an ngaol idir Mhaidhc agus a mháthair anseo go háirithe.** Bhí Maidhc ábalta an dullamullóg a chur ar a mháthair (*to pull the wool over her eyes*). Dúirt sé go raibh an scrúdú ní ba dheacra (*most difficult*) an bhliain sin nuair nár éirigh leis áit a fháil sa Choláiste Ullmhúcháin agus chreid sí é. **Is léir go raibh muinín aici as.**

Bhí Maidhc an-bhródúil as a athair freisin. Nuair a tháinig an bosca, bhailigh gach duine sa teach chun féachaint air. Bhí ionadh an domhain ar Mhaidhc agus fiú a mháthair (*even his mother*) nuair a tháinig a Dhaid isteach agus thosaigh sé ag seinm! Ní raibh a fhios acu go raibh sé ábalta seinm ar chor ar bith. Feicimid gur fear simplí cúlanta (*modest*) é. Bhí Maidhc an-bhródúil as, mhothaigh sé gur Jimmy Shand a bhí ann! **Is léir ón léiriú suimiúil a thug Ó Sé ar chaidrimh clainne gur dlúthchlann a bhí inti.**

